Polasaí na Nochtuithe Cosanta

1. Aidhm an Pholasaí

1.1 Tá bord bainistíochta na scoile i gColáiste an Phiarsaigh tiomanta le feidhmiú le macántacht and ionracas. Chomh maith le hoscailteacht agus freagracht a spreagadh san ionad oibre.

1.2 Aidhmeanna an pholasaí:

a) Foireann uile na scoile a spreagadh le cuntas a thabhairt maidir le héagóir ábhartha chomh luath agus is féidir, sa mhéid is go dtógfar an cúram go dáirire agus imscrúdaithe go cuí.
b) Treoir a thabhairt maidir le conas an imní sin a ardú; agus
c) Athdeimhniú a dhéanamh de gur féidir imní dílis a ardú gan eagla ná beart díoltais.

1.3 Tá feidhm ag an bpolasaí seo ort má thagann tú faoin sainmhiniú “foireann”, lena n-áirítear fostaí reatha agus iar-fostaí an Bhoird, oifigigh, comhairleoirí, conraitheoirí, intéirnigh, daoine ar shocrúchán oiliúna, oibrithe ócáideacha, baill an Bhoird, iarratasóirí poist agus oibrithe deonacha. Chun críocha an pholasaí seo, déanfar tagairt don liosta aonáin le chéile mar “foireann”.

1.4 Ní cuid de chonradh fostaíochta aon bhall den Fhoireann an polasaí seo agus féadann an Bord é a leasú am ar bith.

1.5 Sa Pholasaí seo, tá an Príomhoide agus an Cathaoirleach freagrach as na nochtuithe cosanta a láimhseáil, ach amháin i gcás go bhfuil an Príomhoide bainteach leis an

nochtadh cosanta [sa chás sin, déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird nó an Bord féin, más cuí] é a láimhseáil.

2. Pearsanra Freagrach don Pholasaí

2.1 Tá freagracht iomlán ag Bord Bainistíochta na Scoile don pholasaí seo, agus as athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na ngníomhartha a dhéantar mar fhreagairt ar aon chúram a ardaítear faoin bpolasaí seo.

2.2 Comhlíonfaidh Príomhoide na Scoile agus/nó Cathaoirleach an Bhoird feidhmeannas an Oifigigh um Nochtuithe Cosanta. Beidh freagracht oibriúcháin air/uirthi as an bPolasaí seo. Ní mór dó/di a chinntiú go bhfaigheann gach ball foirne, a d'fhéadfadh a bheith bainte le haon chúram nó imscrúduithe faoin bpolasaí seo, oiliúint rialta agus cuí.

2.3 Tá an Príomhoide agus Cathaoirleach an Bhoird mar "duine ainmnithe" faoin bpolasaí seo chun críocha an Achta um Nochtadh Cosanta [Leasú] 2022.

2.4 Tá gach ball foirne freagrach as rath an pholasaí agus ba chóir dóibh a chinntiú go n-úsáidtear an polasaí chun aon chontúirt nó eagóir amhrastach a nochtadh.

3. Céard is Nochtadh Cosanta ann?

3.1 Tá sé mar aidhm ag an bPolasaí seo chun cosaint a thabhairt ó phionósú agus/nó díobháil má dhéanann tú nochtadh faisnéise a thagann chun d'aire i dtaca le do chuid oibre ar scoil. Ciallaíonn nochtadh cosanta faoin bPolasaí seo [ar a dtugtar "nochtadh"

uaireanta] nochtadh faisnéise a chreideann tú, go reasúnta, nó a bhfuil amhras ar bith ort, agus a léiríonn éagóir ábhartha nó contúirt sa scoil.

3.2 D'fhéadfadh fasisnéis faoi na nithe seo a leanas a bheith i gceist le nochtadh cosanta:

(a) Cion a dhéanamh;
(b) Teip cloí le hoibleagáid dhlíthiúil; [seachas ceann a eascraíonn as conradh fostaíochta baill foirne]
(c) Earráidí breithiúnais;
(d) Bagairt do shláinte agus sábháilteacht an duine aonair;
(e) Dochas don chomhshaol;
(f) Úsáid neamhdhleathach nó míchuí ar chistí agus/nó achmhainní comhlachta poiblí nó ar airgead poiblí eile;
(g) Gníomh nó neamhghníomh comhlachta poiblí atá brúidiúil, idirdhealaitheach, thar a bheith faillíoch nó a léiríonn míbhainistíoch thromchúiseach.
(h) Sárú ar aon réimse de dhlí an Aontais Eorpaigh faoi na hAchtanna um Nochtadh Cosant [Leasú] 2022, ar fáil ag https://www.irishstatutebook.ie/eli/2022/act/27/section/4/enacted/en/html#sec4;
(i) Ceilteanas beartaithe d'aon cheann de na hábhair thuasluaite.

3.3 Má tá aon imní dháiríre agat maidir le heagóir ábhartha nó bagairt a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar aon ghníomhaíocht scoile, ba cheart é a thuairisciú faoin bPolasaí seo.

3.4 Níor cheart an Polasaí seo a úsáid le haghaidh gearáin a bhaineann le do chúinsiú pearsanta féin, nó a eascraíonn as do chonradh leis an mBord, amhail an dóigh ar caitheadh leat ag an obair. I gcásanna den sort sin, ba cheart an Nós Imeachta um Ghearáin nó polasaí iomchuí eile a úsaid.

3.5 Má tá aon neamhchinnteacht ort an dtagann rud éigin faoi raon feidhme an Pholasaí seo, ba cheart duit comhairle a lorg ón bPríomhoide nó ó Chathaoirleach an Bhoird, agus tá a sonraí teagmhála ag deireadh an Pholasaí seo.

4. Ag Ardú Buarthach

4.1 Tá súil ag an mBord go mbeidh tú in ann, aon imní a aithnítear i roinn 3 thuas ardú le do Phríomhoide nó an Cathaoirleach, cibé acu i láthair go pearsanta nó an imní a chur i scríbhinn más fearr leat. D'fhéadfadh an Príomhoide nó an Cathaoirleach aontú a dhéanamh ar bhealach chun d'imní a réiteach go tapa agus go héifeachtach. Má bhraitheann tú nach bhfuil an Príomhoide tar éis dul i ngleic le d'imní nó mura mian leat é a ardú leo ar chúiseanna ar leith, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le Cathaoirleach an Bhoird.

4.2 Eiseoidh an Príomhoide nó an Cathaoirleach admháil i scríbhinn duit go bhfuarthas an tuairisc, nach deanaí ná seacht lá tar éis a fháil.

4.3 Is féidir tuairisc a thabhairt ó bhéal freisin trí ghutháin nó trí chóras teachtaireachtaí gutha eile.

4.4 Eagrófar cruinniú leat chomh luath agus is féidir chun d'imní a phlé. Féadfaidh tú a bheith in éineacht le comhghleacaí toilteanach nó ionadaí ceardchumhainn ag aon chruinniú faoin bPolasaí seo. Ní mór don ionadaí rúndacht do nochtuithe agus aon imscrúdaithe ina dhiadh a urramú.

4.5 Déanfar achoimhre i scríbhinn ar do chuid imní agus cuirfear cóip ar fáil duit tar éis an chruinnithe. Tabharfar léargas duit freisin ar an gcaoi a mbeartaítear dul i ngleic leis an ábhar.

5. Rúndacht agus Neamhainmníocht

5.1 Tá súil an mBord go mbeidh tú in ann imní a ardú go hoscailte faoin bpolasaí seo. Más mian leat do chuid imní a ardú go rúnda, áfach, tógfar céimeanna réasúnta chun d'aitheantas nó aitheantas aon duine a luadh sa tuairisc, agus a líomhnaítear go ndearna siad an éagóir ábhartha nó go bhfuil baint acu leis, a chosaint.

5.2 Ní spreagann an Bord thú chun nochtadh a dhéanamh go hanaithnid. D'fhéadfadh an Príomhoide nó an Cathaoirleach a rogha féin a chleachtadh gan glacadh le tuairisc anaithnid agus/nó leanúint leis, mura n-oireann sé sin don chúinsí. D'fhéadfadh sé a bheith níos deacra nó dodhéanta imscrúdú ceart a dhéanamh mura féidir leis an bPríomhoide nó leis an gCathaoirleach faisnéis riachtanach a fháil uait chun imscrúdú cothrom agus cuimsitheach a dhéanamh. Ba chóir duit a bheith ar an eolas nach mbeidh an Príomhnoide nó an Cathaoirleach agus an Bord in ann aon ghníomh a dhéanamh i leith nochtadh cosanta a rinneadh go hanaithnid má tá gá cloí le d'aitheantas agus/nó do chomhoibriú chun deileáil leis an nochtadh cosanta.

5.3 Más suim leat do chuid imní a nochtadh faoin bpolasaí seo ach go bhfuil imní ort faoi dhíoltas féideartha má nochtar d'aitheantas, ba chóir dul i dteagmháil leis an bPríomhoide nó leis an gCathaoirleach agus is féidir bearta cuí a thógaint chun rúndacht a choinneáil chomh mór agus is féidir.

5.4 Tar éis duit altanna 5.1 agus 5.2 a bhreithniú, má chreideann tú fós gur mian leat do nochtadh cosanta a dhéanamh ar bhonn anaithnid, is féidir.

6. Iniúchadh & Toradh

6.1 A luaithe is a bhfuil imní ardaithe agat, déanfaidh an Príomhoide nó an Cathaoirleach measúnú tosaigh ina [h]inniúlacht mar an tOifigeach um Nochtadh Cosanta ["PDO"] chun a chinneadh a bhfuil fianaise ann go bhféadfadh éagóir ábhartha tar éis tarlú. Má bhunaítear nach bhfuil fianaise ann d'eagóir ábhartha tar éis tarlú, is féidir leis an PDO an iniúchadh a dhúnadh. Má chineann an PDO, tar éis dóibh iniúchadh tosaigh a dhéanamh nach bhfuil aon fianaise maidir le éagóir ábhartha tar éis tarlú, socrófar raon feidhme agus téarmaí tagartha na gcéimeanna eile, lena n-áirítear iniúchadh a d'fhéadfadh an PDO a chinneadh a dhéanamh, de réir mar is cuí.

6.2 Cuirfear ar an eolas tú faoi thoradh an mheasúnaithe. D'fhéadfadh go mbeadh ort freastal ar chruinnithe breise chun tuilleadh eolais a sholáthar. Maidir leis an roinn seo, glactar leis go ndéanfaidh an Príomhoide agus an Cathaoirleach iniúchadh. I gcásanna áirithe féadfaidh an Príomhoide nó an Cathaoirleach [le cead ón mBord] imscrúdaitheoir nó foireann imscrúdaitheoirí a cheapadh, lena n-áirítear Baill Foirne nach bhfuil baint acu leat agus a bhfuil taithí cuí acu ar imscrúdaithe nó eolas faoi leith acu ar an ábhar chun tuairisc a thabhairt ar a n-imscrúdú. Féadfaidh, freisin, an Príomhoide nó an Cathaoirleach [le cead ón mBord] imscrúdaitheoir seachtrach a cheapadh má chreideann sé/sí go mbeadh sé cuí é sin a dheánamh.

6.3 Seolfar tuairisciú an imscrúdaitheora chuig an Príomhoide nó an Cathaoirleach, a chinnfidh cén ghníomh, más gá, ba cheart don scoil a dhéanamh. Gníomh mar shampla, an cuí a reachtálann an scoil a cuid oibreacháin, gníomh smachtaithe [tar éis cur i bhfeidhm an nós imeachta smachta] nó atreorú chuig tríú páirtí cuí, mar shampla An Garda Síochána nó duine nó comhlacht cuí.

6.4 Féadfaidh an t-imscrúdaitheoir, de réir a rogha féin, a d[h]réacht-thuairisc a scaipeadh chuig gach duine a ghlac páirt san iniúchadh sula gcríochnaítear an tuairisc sin.

6.5 Déanfaidh an Príomhoide nó an Cathaoirleach iarracht tú a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn an t-imscrúdú agus an t-amlíne dochúil. Uaireanta, d'fhéadfadh an gá le rúndacht nó le himscrúdú cóir agus cuimsitheach cosc a chur ar an bPríomhoide agus ar an gCathaoirleach sonraí beacht an imscrúdaithe a thabhairt duit. Ba chóir duit aon fhaisnéis faoin imscrúdú a mheas mar fhaisnéis rúnda.

6.6 Má thagann an t-imscrúdú ar an gconclúid go ndearna tú líomhaintí bréagacha d'aon ghnó, le mailís, nó ar mhaithe le gnóthachan pearsanta, d'fhéadfaí gníomh smachta a dhéanamh ort de réir an bheartais agus an nós imeachta smachta. Mar mhalairt, mura fostaí thú den scoil, d'fhéadfaí deireadh a chur le do chonradh de réir téarmaí an chonartha.

7. Má tá tú Neamhshách

7.1 Cé nach féidir leis an scoil toradh na gceisteanna atá uait a ráthú i gconaí, déanfaidh sí a iarracht déileáil le do bhuairt go cóir agus ar bhealach cuí. Trí úsáid a bhaint as an bpolasaí seo, is féidir leat cabhrú linn é seo a bhaint amach.

7.2 Ma tá tú míshásta leis an gcaoi ar láimhseáladh do bhuairt, d'fhéadfá dul i dteagmháil le Bord Bainistíochta na Scoile. Tá a sonraí teagmhála ag deireadh an Pholasaí seo. D'fhéadfadh an bord aighneachtaí scríofa a iarraidh roimh chinneadh a dhéanamh ar ábhar an achomhairc

8. Nochtadh Seachtrach

8.1 Is é aidhm an pholasaí seo ná meicníocht inmhéanach a sholáthar a sholáthar le haon mhí-iompar san ionad oibre a thuairisciú, a fhiosrú agus a leigheas. I bhformhór na gcásanna, níor cheart go mbeadh gá agar duine ar bith seachtrach a chur ar an eolas.

8.2 Aithníonn an dlí go bhféadfadh sé a bheith cuí i gcúinsí áirithe do chuid imní a thuairisciú do chomhlacht seachtrach amhail duine ainmnithe [mar rialálaí], an tAire Oideachais nó an Comisinéir um Nochtadh Cosanta [lastigh d'oOifig an Ombudsman]. Ní bheidh cuí riamh – nó fiorannamh – an meán a chur ar an airdeall, agus go ginerálta níor cheart é sin a dhéanamh ach mar rogha dheiridh. Toisc go bhfuil sochruithe ar leith maidir le nochtadh seachtrach, molann an bord go láidir duit comhairle a fháil sula ndéantar d'imní a thuairisciú go seachtrach. Tá liosta daoine agus comhlachtaí ainmnithe atá freagrach as tuairisciú imní áirithe ar fáil ón bPríomhoide nó ón gCathaoirleach.

8.3 Cé go mbaineann imní sceithireachta de ghnáth le hiompar daoine atá ina mBall Foirne nó ina mBall den Bhord, d'fhéadfadh siad uaireanta a bheith bainte le gníomhartha tríú páirtí, amhail soláthraí nó soláthraí seirbhíse. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh an dlí tú a chosaint má ardaíonn tú an cheist leis an tríú páirtí go díreach. Molann an bord duit, áfach, imní a thuairisciú go hinmhéanach ar dtús faoin bpolasaí seo. Ba cheart duit dul i dteagmháil le do Phríomhoide nó le Cathaoirleach le haghaidh treorach.

9. Aiseolas agus Gníomh Ceartaitheach

9.1 Tabhairfaidh an Príomhoide nó an Cathaoirelach aiseolas duit ní ba dheanaí ná trí [3] mhí tar éis an aitheantas tosaigh a eisiúint de réir roinn 4.2 thuas. I gcásanna nach mbeidh an Príomhoide nó an Cathaoirleach in ann aiseolas a thabhairt lastigh de trí mhí, ba chóir dóibh tú a chur ar an eolas, i scríbhinn, chomh luath agus is féidir. A dhála sin, áit nach bhfuil an t-imscrúdú curtha i gcrích taobh istigh de trí [3] mhí, tabharfar aiseolas duit ag eatraimh trí [3] mhí go dtí go mbíonn an t-imscrúdú curtha i gcrích. Cé go ndéanfaidh an Scoil dianiarracht cloí leis na hamlínte seo, os rud é nach féidir é a dhéanamh go réasúnta, cuirfear in iúl duit aon léasú.

9.2 Ba chóir de thoradh an fhiosrúcháin a bheith san áireamh san aiseolas agus/nó aon leasúcháin feabhais amhail athruithe sa pholasaí agus nós imeachta. Féadfar nochaithe, i bhfianaise thromchúis na gcesiteanna a ardaíodh, a chur faoi bhrás na n-údarás cuí. Ar an gcaoi chéanna, má tá gníomh práinneach de dhíth [mar shampla, chun contúirt sláinte agus sábháilteachta a bhaint], féadfar a leithéid de ghníomh a dhénamah.

10. Cosaint agus Tacaíocht do Bhall Foirne a dhéanann Nochtaithe

10.1 Tuigtear go mbíonn imní ar bhaill foirne a dhéanann nochtuithe cosanta uaireanta faoi iarmhairtí féideartha. Tá an Bord diongbháilte oscailteacht a spreagadh agus tabharfaidh sé tacaíocht duit má ardaíonn tú imní atá bunaithe go fírinneach faoin mbeartas seo, fiú mura bhfuil na hábhair imní sin fíor sa deireadh.

10.2 Ní fhulaingeoidh baill foirne a dhéanann nochtuithe cosanta faoin bpolasaí seo aon phionós ná aon chóireáil dhíobhálach mar thoradh ar imní a ardú. Tagraíonn pionósú d'aon ghníomh nó neamhghníomh díreach nó indíreach a tharlaíonn i

gcomhthéasc oibre, atá spreagtha ag tuairisc a dhéanamh, agus a chruthaíonn nó a d'fhéadfadh díobháil éagórach a dhéanamh do bhall foirne. Go háirithe, áirítear leis seo:

(a) Fionraí, leagan as nó dífhostú,

(b) Ísliú céime nó cailliúint deise le haghaidh ardú céime nó ardú céime a choimeád siar;

(c) Aistriú dualgas, athrú ar shuíomh na háite oibre,

(d) Laghdú pá nó athraithe in uaireanta oibre,

(e) Forchur nó riaradh aon smachta, cáineadh nó pionóis eile [lena n-áirítear pionós airgeadais];

(f) Cóireáil éagórach,

(g) Comhéigean, imeaglú nó ciapadh, nó dúdhiúltaigh;

(h) Idirdhealú nó míbhuntáiste,

(i) Gortú, damáiste nó caillteanas,

(j) Bagairt nó beart díoltais;

(k) Oiliúint a choiméad siar;

(l) Measúnú feidhmíochta diúltach nó tagairt fostaíochta

(m) Teip conradh fostaíochta sealadach a thiontú ina chonradh buan, i gcás go bhfuil ionchas dlisteanach ag an bhfostaí go dtarigfí fostaíocht bhuan dó nó di;

(n) Teip conradh fostaíochta sealadach a athunuachan nó a fhoiceannadh go luath

(o) Díobháil, lena n-áirítear do chlú an duine a dhéanann an tuairisciú, go háirithe na meáin shóisialta, nó caillteanas airgeadais, lena n-áirítear caillteanas gnó agus ioncaim

(p) Liostú dubh ar bhonn comhaontaithe foirmiúil nó neamhoifigiúil laistigh de thionsal nó earnáil, rud a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air nach bhfaighfidh an duine fostaíocht san earnáil nó sa tionscal amach anseo;

(q) Foirceannadh luath nó cealú conratha do thairgí nó do sheirbhísí

(r) Cealú ceadúnais

nó

(s) Atreorú Síciatrach nó Leighis.

Má chreideann tú go bhfuil cóireáil den sórt sin fulaingthe agat, bac heart duit an Príomhoide nó an Cathaoirleach a chur ar an eolas láithreach. Mura leigheastar an cheist, ba cheart duit í a ardú go foirmiúil trí úsáid a bhaint as an Nós Imeachta Gearáin nó nós imeachta cuí eile.

10.3 Ní cheart duit bagairt a dhéanamh ná díoltais a imirt ar bhaill foirne a dhéanann nochtuithe cosanta faoin mbeartas seo ar an bhealach. Má bhíonn baint agat le hiompar den sórt sin, d'fhéadfá a bheith faoi réir gnímh smachta.

10.4 Cé go bhfuil do spreagadh maidir le nochtadh a dhéanamh faoin mbeartas seo neamhábhartha, má dhéanann tú nochtadh gan creideamh réasúnach, d'fhéadfá cosaint an Achta a chailleadh agus d'fhéadfá a bheith faoi réir gníomh smachtaithe.

10.5 Ina theannta sin, ba cheart duit a bheith aireach nach dtugann nochtadh mí-iompair ábhartha aon chosaint díolúine duit i ndáil le haon imsrúdú a d'fhéadfadh a bheith ar siúl i leith na mí-iompair sin.

11. Teagmhálacha

Ainm an Phríomhoide: Micheál Ó Tuama

Sonraí Teagmhála:

- Ríomhphost; motuama@colanphiarsaigh.ie
- Uimhir Gutháin: 021-4821955

Ainm Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta: Ruairí Ó Catháin

Sonraí Teagmhála:

- Ríomhphost: info@gaelachas.com

Sonraí teagmhála an tAire Oideachais:

minister@education.gov.ie, Minister's Office, An Roinn Oideachais, Malborough Street, Dublin 1.

Faofa ag an mBord Bainistíochta ar an _____

Sínithe _____

Sínithe _____